Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/469

14.3.2025

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/469 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 12 Márta 2025**

**lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le roghnú sheirbhís aimsire spáis an Aontais le haghaidh na fo-chomhpháirte teagmhas aimsire spáis de chuid Chlár Spáis an Aontais**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE ([1]), agus go háirithe Airteagal 60(2) de,

Tar éis dul i gcomhairle le coiste an Chláir arna bhunú le hAirteagal 107(1) de Rialachán (AE) 2021/696,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) D'fhéadfadh rioscaí teagmhas aimsire spáis míchuibheasach agus mór a bheith ina mbagairt ar shábháilteacht saoránach agus d'fhéadfaidís cur isteach ar oibríochtaí bonneagair spásbhunaithe agus thalamhbhunaithe. Mar fhreagairt ar na rioscaí sin, bunaíodh an fho-chomhpháirt Teagmhas Aimsire Spáis ('SWE') mar chuid den chomhpháirt Feasacht Staide an Spáis de chuid Chlár Spáis an Aontais.

(2) I gcomhréir le hAirteagal 60 de Rialachán (AE) 2021/696, tá an Coimisiún le seirbhísí SWE a roghnú atá le soláthar ar leibhéal an Aontais.

(3) Liostaítear in Airteagal 60(2), pointe (b) de Rialachán (AE) 2021/696 na réimsí éagsúla a d'fhéadfaí a mheas le haghaidh na seirbhíse Aimsire Spáis, is iad sin an spás, an t-iompar, Córais Dhomhanda um Loingseoireacht Satailíte (GNSS), eangacha cumhachta leictrí, agus an chumarsáid. I gcomhréir le hAirteagal 45(2), pointe (c) de Rialachán (AE) 2021/696, leis an gcomhpháirt Galileo de chuid Chlár Spáis an Aontais soláthrófar faisnéis aimsire spáis atá ábhartha maidir le GNSS, trí Lárionad Seirbhíse GNSS.

(4) I gcomhréir leis an gcomhaontú ranníocaíochta idir an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht Eorpach Spáis (GSE) maidir le codanna de Chlár Spáis an Aontais agus d'Fhís Eorpach a chur chun feidhme faoin gComhaontú Comhpháirtíochta maidir leis an gCreat Airgeadais, sheol GSE staidéar chun measúnú a dhéanamh ar na riachtanais atá ag gach úsáideoir SWE agus ar ullmhacht theicneolaíoch na seirbhísí agus sheol sé measúnú riosca i gcomhréir leis na critéir a liostaítear in Airteagal 60(2), pointe (a). Ar bhonn an mheasúnaithe sin, áirítear ar na seirbhísí a roghnaíodh réimsí na gcóras cumhachta, na teileachumarsáide agus an spáis. Ina theannta sin, léirigh an staidéar go raibh an méid is mó táirgí seirbhíse aibí teicniúla ag seirbhís réimse an spáis, agus an cumas na rioscaí a bhaineann le teagmhais aimsire spáis mhíchuibheasacha a laghdú ar an mbealach is fearr.

(5) Ar bhonn an staidéir sin, thug an Coimisiún tús áite do sheirbhís réimse an spáis mar an tseirbhís is oiriúnaí le roghnú le haghaidh sheirbhís SWE. De dheasca srianta buiséadacha, ní fhéadfaí ach seirbhís amháin a roghnú.

(6) Áirítear ar rioscaí SWE do réimse an spáis stoirmeacha radaíochta a d'fhéadfadh damáiste a dhéanamh do leictreonaic spásárthaí, rud a d'fhágfadh nárbh fhéidir iad a úsáid sa chás is measa, agus stoirmeacha geomhaighnéadacha a d'fhéadfadh cur go mór le tarraingt, rud a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do chonair thuartha réad spáis, agus d'fhéadfadh oibríochtaí spásárthaí agus Comhordú Spástráchta a bheith níos casta ar bhonn sealadach dá dheasca sin. Ba cheart, dá bhrí sin, oibreoirí spásárthaí, agus eintitis Comhordúcháin Spástráchta, amhail eintitis Faireachais agus Rianaithe Spáis, a áireamh ar úsáideoirí sheirbhís SWE i réimse an spáis.

([1]) IO L 170, 12.5.2021, lch. 69, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/696/oj.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is í seirbhís réimse an spáis an tseirbhís teagmhais aimsire spáis.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Márta 2025.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN